2026/689

23.3.2026

TREOIRLÍNE (AE) 2026/689 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 22 Eanáir 2026

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (BCE/2014/60) *(BCE/2026/1)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3, 18.2, agus an chéad mhír d'Airteagal 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun beartas airgeadaíochta aonair a bhaint amach, ní mór sainiú a dhéanamh ar na huirlisí, na hionstraimí agus na nósanna imeachta a bheidh le húsáid ag an Eurochóras, arb éard atá ann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear na 'BCNanna' anseo feasta), d'fhonn beartas den sórt sin a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) An 29 Samhain 2024, chinn an Chomhairle Rialaithe bearta áirithe arb éard is aidhm dóibh comhchuibhiú níos fearr ar chreat comhthaobhachta an Eurochórais a chothú. Ar an gcéad dul síos, ba cheart cineálacha áirithe sócmhainní a nglactar leo faoin gcreat sealadach a chomhtháthú sa chreat comhthaobhachta ginearálta, eadhon (a) sócmhainní indíolta arna n-ainmniú i ndollair SAM, i bpuint steirling agus i yen na Seapáine; agus (b) urrúis de bhun sócmhainní a bhfuil an dara rátáil is fearr acu ar chéim 3 den cháilíocht chreidmheasa ar scála rátála comhchuibhithe an Eurochórais agus a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a shonraítear sa chreat sealadach comhthaobhachta. Ar an dara dul síos, ba cheart glacadh leis na córais staidrimh measúnaithe creidmheasa intí (S-ICASanna) atá ag na BCNanna mar fhoinse measúnaithe creidmheasa sa bhreis ar na córais measúnaithe creidmheasa intí atá ag na BCNanna (ICASanna) agus a nglactar leo faoi láthair, agus dá bhrí sin ba cheart 'córais measúnaithe creidmheasa intí iomlána' (F-ICASanna) a ghairm de na córais sin, chun iad a idirdhealú ó S-ICASanna. Ar an tríú dul síos, i ndáil leis an nós imeachta chun glacadh le S-ICASanna mar an tríú foinse measúnaithe creidmheasa de chuid contrapháirtí, is iomchuí go dtarscaoilfí an ceanglas go dtíolacfaí ráiteas réasúnaithe a bhfuil cás gnó leordhóthanach mar thacaíocht aige chun an úsáid a bhaintear as S-ICASanna a éascú. Ar deireadh, chinn an Chomhairle Rialaithe freisin gur cheart deireadh a chur le hincháilitheacht na n-ionstraimí fiachais miondíola le taca morgáistí (RMBDanna) agus na n-ionstraimí fiachais neamh-indíolta arna dtacú ag éilimh chreidmheasa incháilithe (DECCanna) mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais mar gheall ar úsáid theoranta a baineadh astu go stairiúil agus ar an éileamh íseal atá orthu, chun creat comhthaobhachta an Eurochórais a shimpliú.

(3) Tar éis dhul in éag na hidirthréimhse i ndáil le húsáid a bhaint as teimpléid tuairiscithe sonraí BCE um leibhéil iasachtaí agus tar éis deireadh a chur de réir a chéile le próiseas ainmniúcháin an Eurochórais i gcomhair stórtha sonraí um leibhéil iasachtaí, mar a chinn an Chomhairle Rialaithe an 22 Márta 2019, tá gá le leasuithe iarmhartacha ar fhorálacha ábhartha chreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais.

(4) I ndáil leis na critéir incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm chun go mbeadh urrúis de bhun sócmhainní ina gcomhthaobhacht incháilithe le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais, tá gá le tuilleadh mionchoigeartaithe chun urrúis de bhun sócmhainní a eisiamh go sainráite i gcás ina bhfuil eisitheoir na sócmhainní sin faoi réir riosca luacha iarmharaigh.

(5) Chun déileáil le heintitis a bhfuil scéim réitigh atá bunaithe ar straitéis réitigh banc oscailte glactha ina leith, tá gá le soiléiriú i dtaobh chreat contrapháirtithe an Eurochórais chun léiriú a thabhairt ar na próisis agus na spriocdhátaí is infheidhme nuair a dhéantar measúnú ar an bhfóntacht airgeadais.

(6) Cuirtear soiléiriú breise ar fáil maidir leis an measúnú a dhéantar ar fhóntacht airgeadais contrapháirtí i gcás bearta lánroghnacha arna ndéanamh ag an Eurochóras ar fhorais stuamachta.

(7) Na critéir incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le cúpóin chomhlúthacha atá nasctha le ráta tagartha innéacs boilscithe, ba cheart iad a shainiú trí bhíthin forálacha sonracha lena scartar iad ó na forálacha sin a bhfuil feidhm acu maidir le hionstraimí lena ngabhann cúpóin chomhlúthacha eile agus ba cheart tuilleadh soiléireachta a thabhairt sna critéir sin.

(8) Ba cheart a shoiléiriú nár cheart feidhm a bheith ag na critéir incháilitheachta maidir le foirm eisiúna ionstraimí fiachais idirnáisiúnta ach amháin maidir le hionstraimí fiachais idirnáisiúnta a eisítear trí thaisclanna lárnacha urrús idirnáisiúnta (ICSDanna) i bhfoirm nótaí domhanda agus a léirítear le deimhniú fisiceach (páipéir) nó le cóip leictreonach (dhigiteach) de nóta domhanda páipéir. Mar sin féin, i gcás ionstraimí fiachais idirnáisiúnta arna n-eisiúint trí ICSDanna i bhfoirm atá dí-ábharaithe go hiomlán, ba cheart don Eurochóras an ceart a fhorchoimeád chun a fhíorú, maidir leis na hionstraimí sin (a) nach n-eascraíonn rioscaí ábhartha astu lena bhféadfaí difear a dhéanamh do chearta an Eurochórais mar shealbhóir comhthaobhachta agus (b) go bhfuil siad comhdhéanta go bailí faoina ndlí rialaithe, gan beann ar an teicneolaíocht a thacaíonn lena n-eisiúint.

(9) Na critéir incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm ar éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht incháilithe i gcomhair oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais, ba cheart iad a shoiléiriú trí éilimh chreidmheasa neamhthuillmheacha a eisiamh go sainráite, chun a áirithiú go gcosnófar an tEurochóras ar na rioscaí a bhaineann leo agus nach nglacfar ach le comhthaobhacht leordhóthanach i gcomhair oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais.

(10) I bhfianaise na n-éagsúlachtaí leathana i líon, i luach agus i gcineálacha na sócmhainní, agus sna himthosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist nuair a tharlaíonn neamhchomhlíonadh, ba cheart coigeartuithe a dhéanamh ionas go bhféadfar pionóis airgeadais agus neamhairgeadais a fhorchuirtear ar chontrapháirtithe nach gcomhlíonann rialacha áirithe maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtúla agus níos solúbtha.

(11) An 23 Iúil 2025, chinn an Chomhairle Rialaithe 'fachtóir aeráide' a thabhairt isteach i gcreat comhthaobhachta an Eurochórais. Téann an tEurochóras i mbun oibríochtaí creidmheasa le contrapháirtithe incháilithe chun a phríomhchuspóir — is é sin cobhsaíocht praghsanna — a bhaint amach; is é an sainmhíniú atá ag an gComhairle Rialaithe ar an gcuspóir sin sprioc shiméadrach boilscithe 2 % sa mheántéarma. De bhun Airteagal 18.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá na hoibríochtaí sin le hurrú le comhthaobhacht leordhóthanach. Eochair-riosca sna hoibríochtaí sin is ea an laghdú a d'fhéadfadh teacht ar luach na comhthaobhachta i gcás ina mainneodh contrapháirtí agus ina dtiocfadh an tEurochóras chun bheith ina úinéir dlíthiúil ar an gcomhthaobhacht ar feadh tréimhse éiginnte ama.

(12) Úsáideann an tEurochóras roinnt beart laistigh dá chreat comhthaobhachta reatha chun rioscaí airgeadais a bhaineann lena oibríochtaí iasachtaithe a mhaolú, ach ní thugtar aghaidh fós ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag éiginnteachtaí a bhaineann leis an aistriú aeráide. Eascraíonn na rioscaí airgeadais gaolmhara don Eurochóras as an bhféidearthacht go ndéanfaí athphraghsáil sócmhainní mar gheall ar shuaití aistrithe aeráide gan choinne de réir mar a bhogann an geilleagar i dtreo todhchaí ísealcharbóin, arna spreagadh ag athruithe ar bheartas, teicneolaíocht, dinimic an mhargaidh, agus roghanna tomhaltóirí. Dá bhrí sin, chinn an Chomhairle Rialaithe 'fachtóir aeráide' a thabhairt isteach, ar beart rialaithe riosca breise é atá dírithe ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag éiginnteachtaí a bhaineann leis an aistriú aeráide a mhaolú tríd an luach a shanntar do shócmhainní indíolta incháilithe arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais áirithe agus ag a gcleamhnaithe a choigeartú, agus a shlógtar mar chomhthaobhacht ag brath ar a mhéid is féidir le héiginnteachtaí réamhbhreathnaitheacha a bhaineann leis an aistriú aeráide tionchar a imirt orthu.

(13) Ba cheart coigeartú an luacha a shanntar do shócmhainní incháilithe arna slógadh mar chomhthaobhacht a bheith bunaithe ar shraith critéar oibiachtúil d'fhonn a áirithiú go bhfuil an beart oiriúnach chun a chuspóir sonraithe — is é sin maolú ar an riosca airgeadais — a bhaint amach agus nach dtéann sé lasmuigh dá bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ba cheart an fachtóir aeráide a dhíorthú ó scór éiginnteachta ina bhfuil trí ghné: (a) strusaire earnáilsonrach: 'fachtóir margaidh' aonfhoirmeach arna dhíorthú ón easnamh ionchasach i gcás díobhálach thástáil struis aeráide an Eurochórais, a bhfuil feidhm aige maidir leis na sócmhainní uile arna n-eisiúint ag gnólachtaí laistigh d'earnáil shonrach; (b) neamhchosaint eisitheoirshonrach: tomhas ar neamhchosaint eisitheora ar neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an aistriú, bunaithe ar an modheolaíocht a forbraíodh chun na ceannacháin a chlaonadh faoi Chlár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP); agus (c) leochaileacht shócmhainnsonrach: measúnú ar a íogaire atá margadhphraghas sócmhainne i leith suaití aeráide gan choinne amach anseo, agus a haibíocht iarmharach á cur san áireamh. Bunaithe ar an scór éiginnteachta, ba cheart don Eurochóras fachtóir aeráide a shannadh do gach sócmhainn indíolta incháilithe laistigh de raon feidhme an bhirt bainistithe riosca, a fhéadfaidh a luach comhthaobhachta a choigeartú tuilleadh tar éis bearta eile um rialú riosca eile a chur i bhfeidhm. Sócmhainní a thagann chun bheith incháilithe idir dhá chleachtadh nuashonrúcháin bhliantúla i ndáil leis an bhfachtóir aeráide, ba cheart fachtóir airmheánach aeráide den chineál sócmhainne lena mbaineann siad a shannadh dóibh ar dtús, go sonrach páipéar banna, páipéar nóta mheántéarmaigh nó páipéar tráchtála. Le cur i bhfeidhm fachtóra airmheánaigh aeráide atá bunaithe ar an gcineál sócmhainne, léirítear na difríochtaí bunúsacha íogaireachta praghsanna i leith suaití comhchosúla i measc na gcineálacha sócmhainní, agus déantar bainistiú riosca a chothromú le breithnithe éifeachtúlachta go dtí go dtabharfar faoin gcéad chleachtadh bliantúil nuashonrúcháin eile.

(14) Ba cheart an fachtóir aeráide a chalabrú sa chaoi go gcoinneofar slán cumas an Eurochórais beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme trí bhíthin infhaighteacht leathan comhthaobhachta.

(15) Ba cheart a léiriú san fhachtóir aeráide éiginnteachtaí a bhaineann leis an aistriú aeráide a bhféadfadh sócmhainní indíolta arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais áirithe chomh maith lena n-eintitis chleamhnaithe a bheith neamhchosanta orthu. Tá an fócas ar na sócmhainní indíolta sin bunaithe ar infhaighteacht níos fearr sonraí sa deighleog seo agus ar an taithí atá faighte ag an Eurochóras ar rioscaí aistrithe aeráide a chomhtháthú in CSPP. Ba cheart don Chomhairle Rialaithe athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bhfachtóir aeráide, lena n-áirítear a raon feidhme, a mhodheolaíocht agus a chalabrú, agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá chun (a) infhaighteacht mhéadaitheach sonraí ábhartha agus samhlacha ábhartha a léiriú agus (b) forbairtí ábhartha rialála agus dul chun cinn ábhartha i gcumais measúnaithe riosca a thabhairt san áireamh.

(16) De thoradh an fachtóir aeráide a thabhairt isteach mar bheart breise um rialú riosca, áirithíonn an tEurochóras freisin go gcomhlíonann sé Airteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gceanglaítear go ndéanfar ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear beartas airgeadaíochta an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, áirithítear le tabhairt isteach an bhirt go gcomhlíontar oibleagáidí an Eurochórais faoi Airteagal 7 den Chonradh, lena gceanglaítear ar an Aontas comhsheasmhacht a áirithiú idir a bheartais agus a ghníomhaíochtaí.

(17) I bhfianaise chur chun feidhme teicniúil an fhachtóra aeráide laistigh de Chóras Bainistíochta Comhthaobhachta an Eurochórais (ECMS), is gá dáta chur i bhfeidhm an fhachtóra aeráide a ailíniú leis an dáta eisiúna de chuid ECMS a tharlaíonn sa dara ráithe de 2026, agus dá bhrí sin ba cheart an fachtóir aeráide a chur i bhfeidhm ón 15 Meitheamh 2026.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) [1] a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe 7a seo a leanas isteach:

'(7a) ciallaíonn "fachtóir aeráide" coigeartú a fhéadfar a chur i bhfeidhm maidir leis an luach a shanntar do shócmhainní indíolta arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais áirithe agus ag a ngrúpaí eisitheoirí corparáideacha faoi seach a shlógtar mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais chun an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an aistriú aeráide a mhaolú;';

(b) cuirtear an pointe 10a seo a leanas isteach:

'(10a) ciallaíonn "grúpa eisitheoirí corparáideacha", chun críche an fhachtóra aeráide, grúpa gnóthas a oibríonn mar eintiteas eacnamaíoch aonair agus arb é atá ann eintiteas tuairiscithe chun cuntais chomhdhlúite a thíolacadh, ina gcuimsítear an máthairghnóthas agus a fhochuideachtaí díreacha agus indíreacha uile;';

(c) i bpointe 16, scriostar pointe (e);

(d) i bpointe 23, scriostar pointí (c) agus (d);

(e) scriostar pointe 26a;

(f) scriostar pointe 26b;

[1] Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2015/510/oj).

(g) scriostar pointe 31a;

(h) scriostar pointe 49;

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 50a:

'(50a) ciallaíonn "'stóras sonraí um leibhéil iasachtaí'" stóras urrúsúchán de réir bhrí Airteagal 2, pointe (23), de Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), atá cláraithe leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) de bhun Airteagal 10 den Rialachán sin;

_____

(*) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2402/oj).';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 70:

'(70) ciallaíonn "sócmhainn neamh-indíolta" aon cheann de na sócmhainní seo a leanas: taiscí téarma shocraithe agus éilimh chreidmheasa;';

(k) scriostar pointe 70a;

(l) cuirtear an pointe 79a seo a leanas isteach:

'(79a) ciallaíonn "riosca luacha iarmharaigh" an riosca a eascraíonn i ndáil le híocaíocht faoi shócmhainn ginte sreafa airgid in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) déantar an íocaíocht a struchtúrú sa chaoi go mbeidh sí ag brath go córasach ar dhíol nó athmhaoiniú na n-earraí atá i gceist, gan bheith in ann dul ar iontaoibh an oibleagáideora a thuilleadh chun cumhdach a dhéanamh ar aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann idir fáltais ó dhíol na n-earraí agus na híocaíochtaí sceidealaithe faoin tsócmhainn ginte sreafa airgid, nó ar aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na híocaíochtaí sceidealaithe sin a eascraíonn as mainneachtain na hearraí a athmhaoiniú go hiomlán nó go páirteach;

(b) tá sé de rogha ag an oibleagáideoir, i measc roghanna eile, na hearraí a sheachadadh mar lánsocrú ar a oibleagáidí íocaíochta ach níl aon oibleagáid air cumhdach a dhéanamh ar aon easnamh idir fáltais ó dhíol na n-earraí agus na híocaíochtaí sceidealaithe faoin tsócmhainn ginte sreafa airgid, nó ar aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na híocaíochtaí sceidealaithe sin a eascraíonn as mainneachtain na hearraí a athmhaoiniú go hiomlán nó go páirteach;

(c) i gcás (a) nó (b), gan beann ar aon oibleagáid athcheannaigh, ráthaíochta nó aon oibleagáid eile a bheith ar thríú páirtí nó ar pháirtí idirbhirt an íocaíocht sceidealta a dhéanamh nó cumhdach a dhéanamh ar aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann idir fáltais ó dhíol na n-earraí agus na híocaíochtaí sceidealta faoin tsócmhainn ginte sreafa airgid, nó ar aon easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na híocaíochtaí sceidealaithe sin a eascraíonn as mainneachtain na hearraí a athmhaoiniú go hiomlán nó go páirteach;';

(m) cuirtear isteach an pointe 79b seo a leanas:

'(79b) ciallaíonn "údarás réitigh" údarás réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe 18, de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó an Bord Réitigh Aonair arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

_____

(*) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat le haghaidh téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/806/oj).'

(n) cuirtear an pointe 80a seo a leanas isteach:

'(80a) ciallaíonn "beart maolaithe riosca" aon cheann díobh seo a leanas: (a) uasteorainn a fhorchur ar an méid leachtachta a chuirtear ar fáil tar éis deireadh a chur leis an teorainn ar rochtain an chontrapháirtí ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais lena ngabhann aibíocht chaighdeánach seachtaine nó níos giorra, lena n-áirítear i gcásanna ina bhforáiltear, leis an bhféilire táscach do na hoibríochtaí sin, d'aibíocht atá sínte go heisceachtúil; (b) an teorainn ar shlógadh ABS slógtha coinnithe, agus ar bhannaí faoi chumhdach féinúsáide, mar chomhthaobhacht, dá dtagraítear in Airteagal 3(5) agus (2a) de Threoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/35) (*), faoi seach, nó sócmhainní eile a mheasann an tEurochóras a bheith neamhleachtach; agus (c) an ceanglas go gcomhlíonfaí ceanglais cistí dílse breise de réir mar a chinneann an t-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 104(1), pointe (a), de Threoir 2013/36/AE, agus go gcomhlíonfaí freisin na ceanglais cistí dílse faoi Airteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

_____

(*) Treoirlíne (AE) 2016/65 ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Samhain 2015 maidir leis na caolchorrlaigh luachála a chuirtear i bhfeidhm i gcur chun feidhme chreat bheartas airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2015/35) (IO L 14, 21.1.2016, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2016/65/oj).';

(2) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Beidh idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a ionsú bunaithe ar shócmhainní arna soláthar ag an Eurochóras. Beidh critéir incháilitheachta na sócmhainní sin comhionann leo siúd a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní incháilithe a úsáidtear in idirbhearta droim ar ais chun leachtacht a sholáthar, de bhun Chuid a Ceathair. Ní chuirfear aon chaolchorrlach luachála ná aon fhachtóir aeráide i bhfeidhm in idirbhearta droim ar ais ionsúcháin leachtachta.';

(3) leasaítear Airteagal 62 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) príomhshuim neamhchoinníollach atá nasctha, ar bhonn comhréidh, le haon ráta amháin tagartha innéacs boilscithe intíre le haghaidh ionstraimí fiachais arna n-ainmniú in euro, i bpuint steirling, i yen nó i ndollair SAM. Tuigfear gurb éard atá i gceist le nasc ar bhonn comhréidh cúiteamh a thabhairt ar bhonn ceann ar cheann as ucht an bhoilscithe arna thaifeadadh sa ráta tagartha innéacs boilscithe intíre (ach ag fágáil go bhféadfadh íosteorainneacha agus/nó uasteorainneacha dearfacha a bheith ann).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Maidir le hionstraimí fiachais a chomhlíonann mír 1, pointe (b), agus lena ngabhann struchtúr cúpóin mar a leagtar amach in Airteagal 63(1), pointe (ba), beidh ag gabháil leo cúpóin atá innéacsaithe leis an ráta tagartha innéacs boilscithe intíre céanna agus atá innéacsaithe leis an bpríomhshuim.';

(4) In Airteagal 63, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun go mbeidh siad incháilithe, beidh ceann de na struchtúir chúpóin seo a leanas ar ionstraimí fiachais go dtí go ndéanfar an fhuascailt deiridh:

(a) cúpóin sheasta, nialasacha nó ilchéimeanna lena ngabhann sceideal cúpóin réamhshainithe agus luachanna cúpóin réamhshainithe;

(b) cúpóin chomhlúthacha nach bhfuil nasctha le ráta tagartha innéacs boilscithe agus lena ngabhann an struchtúr seo a leanas: ráta cúpón = (ráta tagartha* l) ± x, agus f ≤ ráta cúpón ≤ c, más rud é:

(i) i gcás ionstraimí fiachais arna n-ainmniú in euro, is éard atá sa ráta tagartha aon cheann amháin díobh seo a leanas ag pointe aonair ama:

— ráta margaidh airgid euro a gceadaítear é a úsáid san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), e.g. an ráta gearrthéarmach euro (€STR) (lena n-áirítear €STR laethúil iolraithe nó meánaithe), Euribor, nó innéacsanna comhchosúla; maidir leis an gcéad chúpón nó/agus an cúpón deireanach, is féidir leis an ráta tagartha a bheith ina idirshuíomh líneach idir dhá éirim den ráta céanna margaidh airgid euro e.g. idirshuíomh líneach idir dhá éirim éagsúla de chuid Euribor;

— ráta babhtála aibíochta seasmhach, e.g. CMS, EIISDA, EUSA;

— an toradh ó bhanna rialtais amháin de chuid an limistéir euro nó ó innéacs roinnt bannaí rialtais de chuid an limistéir euro lena ngabhann aibíocht bliana nó níos lú;

(ia) i gcás ionstraimí fiachais arna n-ainmniú i bpuint steirling, i yen nó i ndollair SAM is éard atá sa ráta tagartha aon cheann amháin díobh seo a leanas ag pointe aonair ama:

— ráta margaidh airgid aonair, a gceadaítear é a úsáid san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011 ina n-airgeadra ainmníochta,

— aon bhonnráta úis inghlactha eile in airgeadra eachtrach, arna chinneadh ag an gComhairle Rialaithe.

(ii) is éard atá in f (íosteorainn), c (uasteorainn), l (fachtóir giarála/díghiarála) agus x (corrlach), más ann dóibh, uimhreacha a bhíonn réamhshainithe nuair a eisítear iad, nó a fhéadfaidh athrú le himeacht ama ach sin amháin de réir conair réamhshainithe tráth na heisiúna agus, i gcás ina bhfuil l níos mó ná nialas ar feadh shaolré iomlán na sócmhainne;

(ba) cúpóin chomhlúthacha atá nasctha le ráta tagartha innéacs boilscithe intíre le haghaidh airgeadra ábhartha na hainmníochta, eadhon euro, puint steirling, yen nó dollair SAM, ar choinníoll:

(i) tá comhpháirt sheasta choigeartaithe neamhbhoilscithe an chúpóin agus, más ann dóibh, corrlaigh eile is infheidhme trí bhíthin suimiú nó dealú, seasta, nó féadfaidh siad athrú le himeacht ama ach sin amháin de réir conair réamhshainithe tráth na heisiúna;

(ii) tá cúiteamh boilscithe nasctha ar bhonn comhréidh le ráta tagartha innéacs boilscithe intíre aonair — cé is moite, b'fhéidir, d'íosteorainneacha agus uasteorainneacha dearfacha, agus de chásanna ina ríomhtar an cúiteamh boilscithe faoi threoir uasleibhéal innéacs praghsanna a sroicheadh i ndáil le dátaí íocaíochta cúpóin le déanaí i gcás babhtaí taifeadta díbhoilscithe (amhail i gcás bannaí *Buoni del Tesoro poliennali (BTP) Italia*);

(iii) is uimhreacha iad íosteorainneacha agus uasteorainneacha, más ann dóibh, a bhíonn réamhshainithe tráth na heisiúna, nó a fhéadfaidh athrú le himeacht ama ach sin amháin de réir conair réamhshainithe tráth na heisiúna;

(iv) níl aon chomhpháirt choimpléascach eile sna cúpóin chomhlúthacha sin;

(c) cúpóin ilchéimeanna nó chomhlúthacha lena ngabhann céimeanna atá nasctha le SPTanna, ar choinníoll:

(i) go bhfuil comhlíonadh SPTanna ag an eisitheoir, nó ag aon ghnóthas a bhaineann leis an ngrúpa eisitheoirí bannaí céanna atá nasctha le hinbhuanaitheacht, faoi réir a fhíoraithe ag tríú páirtí neamhspleách i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na hionstraime fiachais; agus

(ii) nár chuir an t-eisitheoir an teagmhas uaschéimniúcháin agus/nó an íocaíocht uaschéimniúcháin ghaolmhar ar ceal ná nach ndearna sé iad a dhíchur i bhfeidhm ar bhealach eile.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj).';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 65:

'*Airteagal 65*

Airgeadra ainmníochta sócmhainní indíolta

Chun go mbeidh siad incháilithe, ainmneofar ionstraimí fiachais i gceann amháin de na hairgeadraí seo a leanas: euro, ceann d'iarairgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, puint steirling, yen nó dollair SAM.';

(6) leasaítear Airteagal 66 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun go mbeidh siad incháilithe, eiseofar ionstraimí fiachais arna n-ainmniú in euro in LEE, agus eiseofar na hionstraimí sin arna n-ainmniú i bpuint steirling, i yen nó i ndollair SAM sa limistéar euro, agus sa dá chás beidh CSD ag oibriú (i) SSS incháilithe nó (ii) SSS a bhfuil nasc incháilithe aige le SSS incháilithe.';

(b) scriostar mír 3:

(7) cuirtear isteach an tAirteagal 66a seo a leanas:

'*Airteagal 66a*

Foirm eisiúna sócmhainní indíolta áirithe

1. Ní bheidh feidhm ag na critéir incháilitheachta seo a leanas ach amháin maidir le hionstraimí fiachais idirnáisiúnta a eisítear trí ICSDanna i bhfoirm nótaí domhanda agus a léirítear le deimhniú fisiceach (páipéir) nó le cóip leictreonach (dhigiteach) de nóta domhanda páipéir.

(a) I gcás ina ndéantar na hionstraimí sin a eisiúint i bhfoirm iompróra dhomhanda, eiseofar iad i bhfoirm nótaí domhanda nua (NGNanna) agus taiscfear iad le taisceánach coiteann ar ICSD nó CSD é atá ag oibriú (i) SSS incháilithe nó (ii) SSS a bhfuil nasc incháilithe aige le SSS incháilithe. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin maidir le hionstraimí fiachais idirnáisiúnta a eisíodh i bhfoirm nótaí domhanda clasaiceacha roimh an 1 Eanáir 2007 ná maidir le heisiúintí leanúnacha idirmhalartacha nótaí den sórt sin arna n-eisiúint faoin ISIN céanna gan beann ar dháta na heisiúna leanúnaí.

(b) I gcás ina ndéantar na hionstraimí sin a eisiúint i bhfoirm dhomhanda chláraithe, eiseofar iad faoin struchtúr nua slánchoimeádta le haghaidh ionstraimí fiachais idirnáisiúnta. De mhaolú air sin, ní bheidh feidhm aige sin maidir le hionstraimí fiachais idirnáisiúnta a eisíodh i bhfoirm chláraithe dhomhanda roimh an 1 Deireadh Fómhair 2010.

2. Ní bheidh ionstraimí fiachais idirnáisiúnta i bhfoirm nótaí aonair a léirítear le deimhnithe fisiceacha (páipéir) aonair incháilithe mura rud é gur eisíodh iad i bhfoirm nóta aonair roimh an 1 Deireadh Fómhair 2010.

3. Maidir le hionstraimí fiachais idirnáisiúnta a eisítear trí ICSDanna i bhfoirm atá go hiomlán dí-ábharaithe, forchoimeádann an tEurochóras an ceart chun a fhíorú nach n-eascraíonn rioscaí ábhartha as na ionstraimí sin lena bhféadfaí difear a dhéanamh do chearta an Eurochórais mar shealbhóir comhthaobhachta agus go bhfuil siad comhdhéanta go bailí faoin dlí lena rialaítear na hionstraimí sin, gan beann ar an teicneolaíocht a thacaíonn lena n-eisiúint.';

(8) Leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun go mbeidh siad incháilithe, is eisitheoir atá bunaithe in LEE nó i dtír G10 neamh-LEE a eiseoidh ionstraimí fiachais, faoi réir na n-eisceachtaí i míreanna 3a go 7 den Airteagal seo agus in Airteagal 81a(4). Maidir le sócmhainní indíolta a bhfuil níos mó ná eisitheoir amháin acu, beidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le gach eisitheoir.';

(b) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

'7. Maidir le hionstraimí fiachais arna n-ainmniú i bpuint steirling, i yen nó i ndollair SAM, beidh an t-eisitheoir bunaithe in LEE.';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 72:

'*Airteagal 72*

Critéir incháilitheachta le haghaidh urrúis de bhun sócmhainní

1. Chun go mbeidh siad incháilithe le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais, comhlíonfaidh ABSanna lena ngabhann measúnú creidmheasa a chomhfhreagraíonn, ar a laghad, do chéim 2 den cháilíocht chreidmheasa ar scála rátála comhchuibhithe an Eurochórais (a) na critéir incháilitheachta ghinearálta a bhaineann le gach cineál sócmhainne indíolta a leagtar síos i Roinn 1, ach amháin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 62 agus a bhaineann leis an bpríomhshuim, agus (b) na critéir incháilitheachta shonracha a leagtar amach in Airteagail 73 go 79a.

2. Chun go mbeidh siad incháilithe le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais, comhlíonfaidh ABSanna lena ngabhann measúnú creidmheasa a chomhfhreagraíonn do chéim 3 den cháilíocht chreidmheasa ar scála rátála comhchuibhithe an Eurochórais na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus na critéir incháilitheachta shonracha bhreise a leagtar amach in Airteagal 79b.';

(10) Leasaítear Airteagal 73 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun go mbeidh ABSanna incháilithe, beidh na sócmhainní ginte sreafa airgid uile lena dtacaítear leis na ABSanna ina sócmhainní aonchineálacha, i.e. beifear in ann iad a thuairisciú de réir ceann de na cineálacha teimpléad um leibhéil iasachtaí a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2017/2402, a bhainfidh le ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) morgáistí cónaithe;

(b) iasachtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

(c) iasachtaí gluaisteáin;

(d) iasachtaí airgeadais do thomhaltóirí;

(e) infháltais léasúcháin;

(f) infháltais cárta creidmheasa.';

(b) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

'7. Ní ceadmhach d'eisitheoir ABS a bheith faoi réir riosca luacha iarmharaigh.';

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 78:

'*Airteagal 78*

Infhaighteacht sonraí um leibhéil iasachtaí i dtaobh urrúis de bhun sócmhainní

1. Chun go dtiocfaidh ABSanna chun bheith incháilithe nó go leanfaidh siad de bheith incháilithe, déanfaidh na páirtithe ábhartha sonraí cuimsitheacha caighdeánaithe um leibhéil iasachtaí maidir leis an gcomhthiomsú sócmhainní ginte sreabhaidh airgid atá mar thaca leis na ABSanna a chur ar fáil do stóras urrúsúchán i gcomhréir leis an Airteagal seo.

1a. Déanfar sonraí um leibhéil iasachtaí a thíolacadh i ndáil le gach idirbheart aonair trí úsáid a bhaint as na teimpléid ábhartha a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2017/2402. Braitheann an teimpléad ábhartha atá le tíolacadh ar an gcineál sócmhainne a thacaíonn leis an ABS, mar a shonraítear in Airteagal 73(1), pointí (a) go (f).

1b. Déanfar sonraí um leibhéil iasachtaí a thuairisciú ar bhonn ráithiúil ar a laghad, ach tráth nach déanaí ná mí tar éis dáta dlite chun ús a íoc ar na ABSanna ábhartha. Chun críche na dteimpléad dá dtagraítear i mír 1a, is é "scoithdháta an chomhthiomsaithe" an dáta ar gabhadh léargas achomair ar fheidhmíocht na sócmhainní foluiteacha le haghaidh na tuarascála faoi seach a cheanglaítear a thíolacadh agus ní ceadmhach "dáta tíolactha na tuarascála" faoi seach a bheith níos déanaí ná dhá mhí tar éis scoithdháta sin an chomhthiomsaithe.

1c. Chun comhlíonadh na gceanglas i míreanna 1, 1a agus 1b a áirithiú, déanfar seiceálacha uathoibrithe comhsheasmhachta agus cruinnis ar thuarascálacha i dtaobh na sonraí nua agus nuashonraithe uile um leibhéil iasachtaí i ndáil le gach idirbheart a dhéanann an stóras sonraí um leibhéil iasachtaí.';

(12) cuirtear isteach an tAirteagal 79b seo a leanas:

'*Airteagal 79b*

Critéir incháilitheachta bhreise le haghaidh urrúis de bhun sócmhainní lena ngabhann measúnú creidmheasa atá cothrom le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa

1. Chun go mbeidh siad incháilithe, comhlíonfaidh ABSanna lena ngabhann measúnú creidmheasa atá comhionann le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa ar scála rátála comhchuibhithe an Eurochórais na critéir incháilitheachta shonracha bhreise seo a leanas:

(a) ní bheidh ar áireamh sa chomhthiomsú sócmhainní ginte sreabhaidh airgid atá mar thaca ag ABS, tráth eisiúna an ABS nó nuair a chuirtear é leis an gcomhthiomsú iad ina dhiaidh sin — mar shampla trí ionadú nó athsholáthar na sócmhainní ginte sreafa airgid — iasachtaí a bhfuil íocaíocht úis nó príomhshuime níos faide ná 90 lá thar téarma ina leith agus a bhfuil an t-oibleagáideoir ar mainneachtain ina leith mar a shainmhínítear in Airteagal 178 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó i gcás ina bhfuil amhras ann, ar chúiseanna maithe, nach ndéanfar an t-ús nó an phríomhshuim sin a íoc ina n-iomláine;

(b) ní bheidh ar áireamh sa chomhthiomsú sócmhainní ginte airgid iasachtaí atá, nó a bhí tráth ar bith, ina n-iasachtaí struchtúrtha, ina n-iasachtaí sindeacáite nó ina n-iasachtaí giaráilte;

(c) beidh forálacha um leanúnachas sa seirbhísiú ar áireamh sna doiciméid idirbhirt ABS.

2. Maidir le ABS a chomhlíonann na sainchritéir incháilitheachta bhreise a leagtar amach i mír 1, ní fhéadfaidh contrapháirtí an ABS sin a thíolacadh mar chomhthaobhacht má ghníomhaíonn an contrapháirtí, nó aon tríú páirtí a bhfuil dlúthnaisc aige leis, mar sholáthraí fálúcháin ráta úis i ndáil leis an ABS.

3. Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "iasacht struchtúrtha" iasacht a bhfuil éilimh chreidmheasa fho-ordaithe ar áireamh ina struchtúr;

(b) ciallaíonn "iasacht shindeacáite" iasacht arna soláthar ag grúpa iasachtóirí i sindeacáit iasachtaithe;

(c) ciallaíonn "iasacht ghiaráilte" iasacht a sholáthraítear do chuideachta a bhfuil leibhéal suntasach féichiúnais aici cheana féin, amhail ceannach thar barr amach nó maoiniú táthcheangail, i gcás ina n-úsáidtear an iasacht chun sealbhú a dhéanamh ar an gcothromas atá ag cuideachta arb í oibleagáideoir na hiasachta í freisin;

(d) ciallaíonn "forálacha um leanúnachas sa seirbhísiú" forálacha i ndoiciméadacht dhlíthiúil ABS ina bhfuil forálacha um sheirbhíseoir cúltaca nó, mura bhfuil aon seirbhíseoir cúltaca ann, forálacha um éascaitheoir seirbhíseora cúltaca;

(e) ciallaíonn "forálacha um éascaitheoir seirbhíseora cúltaca" forálacha lena ndéantar an méid seo a leanas: (i) ceanglaítear go ndéanfar éascaitheoir seirbhíseora cúltaca a ainmniú agus a shainordú chun seirbhíseoir cúltaca oiriúnach a aimsiú laistigh de 60 lá ón uair a tharlaíonn teagmhas truiceartha chun a áirithiú go n-íoctar agus go ndéantar seirbhísiú tráthúil ar an ABS; agus (ii) foráiltear nach mbeidh aon dlúthnaisc ann idir an seirbhíseoir, an t-éascaitheoir seirbhíseora cúltaca agus an banc cuntais eisitheora araon ag an am céanna.

(f) ciallaíonn "forálacha um sheirbhíseoir cúltaca" forálacha lena ndéantar an méid seo a leanas: (i) foráiltear do thruicir le haghaidh athsholáthar an tseirbhíseora, ar truicir iad a bhaineann le hathruithe ar rátáil an tseirbhíseora, le neamh-chomhlíonadh oibleagáidí ag an seirbhíseoir, agus/nó le haon truicir thionscal-chaighdeánacha eile le haghaidh athsholáthar seirbhíseora; agus (ii) foráiltear nach mbeidh aon dlúthnaisc ann idir an seirbhíseoir cúltaca agus an seirbhíseoir.';

(13) in Airteagal 82(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) Beidh ag ABSanna measúnuithe creidmheasa arna soláthar ag dhá chóras ISMC éagsúla ar a laghad a bhfuil glacadh leo, arna sloinneadh i bhfoirm dhá rátáil chreidmheasa phoiblí, agus ceann amháin arna soláthar ag gach aon cheann de na córais ISMC sin, i gcomhréir le céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad ar scála rátála comhchuibhithe an Eurochórais.';

(14) cuirtear an tábla seo a leanas le hAirteagal 87:

'Tábla 9

Measúnuithe intuigthe cáilíochta creidmheasa le haghaidh eisitheoirí nó ráthóirí nach bhfuil measúnú cáilíochta creidmheasa ISMC acu

	Leithdháileadh eisitheoirí nó ráthóirí faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Díorthú ECAF an mheasúnaithe intuigthe ar cháilíocht chreidmheasa an eisitheora nó an ráthóra a bhaineann leis an aicme chomhfhreagrach
Aicme 1	Rialtais réigiúnacha, údaráis áitiúla agus aonáin CRR de chuid na hearnála poiblí a ndéileálann na húdaráis inniúla leo ar an mbealach céanna a ndéileálann siad leis an rialtas láir chun críocha riachtanas caipitil de bhun Airteagail 115(2) agus 116(4) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013	Leithdháiltear measúnú cáilíochta creidmheasa ISMC an rialtais láir a bhfuil an t-eintiteas bunaithe ina dhlínse
Aicme 2	Rialtais réigiúnacha eile, údaráis áitiúla eile agus eintitis earnála poiblí CRR eile	Leithdháiltear measúnú cáilíochta creidmheasa atá céim cáilíochta creidmheasa amháin (*) faoi bhun mheasúnú cáilíochta creidmheasa ISMC an rialtais láir a bhfuil an t-eintiteas bunaithe ina dhlínse
Aicme 3	Eintitis earnála poiblí mar a shainmhínítear i bpointe 75 d'Airteagal 2 nach eintitis earnála poiblí CRR iad	Déileáiltear leo mar eisitheoirí nó féichiúnaithe san earnáil phríobháideach, i.e. níl a gcuid sócmhainní indíolta incháilithe

(*) Foilsítear faisnéis faoi na céimeanna cáilíochta creidmheasa ar shuíomh gréasáin an BCE.';

(15) cuirtear an mhír 6 seo a leanas le hAirteagal 89:

‘6. Ní bheidh éilimh chreidmheasa a aicmítear mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha in Airteagal 47a(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ina gcineálacha incháilithe éileamh creidmheasa fiú má chumhdaítear iad le ráthaíocht atá inghlactha faoi Theideal IV.’;

(16) i gCuid a Ceathair, Teideal III, Caibidil 1, scriostar Roinn 3 ‘Critéir incháilitheachta le haghaidh RMBDanna’, ina bhfuil Airteagal 107;

(17) i gCuid a Ceathair, Teideal III, Caibidil 1, scriostar Roinn 4 ‘Critéir incháilitheachta le haghaidh DECCanna’, ina bhfuil Airteagail 107a go 107f;

(18) in Airteagal 108, scriostar pointe (b);

(19) in Airteagal 109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Gan dochar d’Airteagal 89(6) ná d’Airteagal 92, déanfaidh contrapháirtithe, le linn an chéad lae gnó eile, an BCN ábhartha a chur ar an eolas faoi aon teagmhas creidmheasa, lena n-áirítear moill ar na féichiúnaithe ag íoc na n-éileamh creidmheasa arna slógadh mar chomhthaobhacht, atá ar eolas ag an gcontrapháirtí agus, má iarrann an BCN ábhartha é, déanfaidh siad na sócmhainní a aistarraingt nó a athsholáthar.’;

(20) leasaítear Airteagal 110 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír -1:

‘-1. Na córais measúnaithe creidmheasa intí iomlána (F-ICASanna) atá ag na BCNanna agus a nglacann an tEurochóras leo i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta ghinearálta i dTeideal V de Chuid a Ceathair, úsáidfear iad mar phríomhfhoinse measúnaithe creidmheasa chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht chreidmheasa féichiúnaithe agus ráthóirí éileamh creidmheasa arna slógadh mar chomhthaobhacht i gcás ina bhfuil measúnú creidmheasa ó ICAS a bhfuil glacadh leis ar fáil, ón BCN baile nó ó aon BCN eile.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Contrapháirtithe a shlógann éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht, féadfaidh siad córas measúnaithe creidmheasa amháin nó foinse bhreise amháin a roghnú ó cheann de na foinsí measúnaithe creidmheasa eile a nglacann an tEurochóras leo i gcomhréir leis na critéir inghlacthachta ghinearálta i dTeideal V de Chuid a Ceathair. Tabharfar córas nó foinse thánaisteach measúnaithe creidmheasa an chontrapháirtí mar ainm ar an gcóras measúnaithe creidmheasa nó ar an bhfoinse a roghnaítear faoin mír seo. Ní fhéadfar an córas nó an fhoinse tánaisteach measúnaithe creidmheasa a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa ar fáil don fhéichiúnaí nó don ráthóir ábhartha, faoi seach, ó F-ICAS BCN a bhfuil glacadh leis.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh an BCN baile cead a thabhairt dá chontrapháirtithe níos mó ná dhá chóras nó dhá fhoinse measúnaithe creidmheasa a úsáid ar iarratas réasúnaithe a chur faoi bhráid an BCN baile le tacaíocht ó chás gnó leordhóthanach bunaithe ar an easpa cumhdach leordhóthanach ar na foinsí nó na córais phríomhúla agus thánaisteacha measúnaithe creidmheasa. Féadfaidh an BCN baile cead a thabhairt úsáid a bhaint as córas measúnaithe creidmheasa intí staidrimh (S-ICASanna) mar thríú córas nó foinse measúnaithe creidmheasa arna iarraidh sin do chontrapháirtí, gan ceangal a chur ar an gcontrapháirtí sin ráiteas réasúnaithe a bhfuil cás gnó leordhóthanach mar thacaíocht aige a thíolacadh.’;

(21) scriostar Roinn 2 ‘Ceanglais cáilíochta creidmheasa an Eurochórais do RMBDanna’ de Chuid a Ceathair, Teideal III, Caibidil 2, ina bhfuil Airteagal 112;

(22) scriostar Roinn 3 ‘Ceanglais cáilíochta creidmheasa an Eurochórais do DECCanna’ de Chuid a Ceathair, Teideal III, Caibidil 2, ina bhfuil Airteagal 112a;

(23) leasaítear Airteagal 119 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Soláthróidh córais measúnaithe creidmheasa a bhaineann le ceann de na ceithre fhoinse seo a leanas an fhaisnéis maidir le measúnú creidmheasa ar a mbunaíonn an tEurochóras an measúnú incháilitheachta ar shócmhainní atá incháilithe mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais:

(a) ISMCanna;

(b) F-ICASanna de chuid na BCNanna;

(c) S-ICASanna de chuid na BCNanna;

(d) córais IRB na gcontrapháirtithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Faoi gach foinse measúnaithe creidmheasa a liostaítear i mír 1 d'fhéadfadh go mbeadh tacar córas measúnaithe creidmheasa ann. Comhlíonfaidh córais measúnaithe creidmheasa na critéir ghlactha a leagtar síos sa Teideal seo. Tá liosta de na córais measúnaithe creidmheasa a bhfuil glacadh leo, i.e. liosta de na ISMCanna, de na F-ICASanna agus de na S-ICASanna a bhfuil glacadh leo, foilsithe ar shuíomh gréasáin BCE.';

(24) leasaítear Airteagal 121 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'Critéir ghlactha ghinearálta agus nósanna imeachta oibríochtúla le haghaidh chórais measúnaithe creidmheasa intí iomlána agus chórais measúnaithe creidmheasa intí staidrimh na BCNanna';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh BCNanna cinneadh a dhéanamh a gcuid F-ICASanna nó S-ICASanna féin a úsáid chun críche measúnú creidmheasa. Beidh an cinneadh a dhéanann BCN a F-ICAS nó a S-ICAS féin a úsáid faoi réir nós imeachta glactha ag an Eurochóras.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Féadfar measúnú creidmheasa trí bhíthin F-ICAS nó S-ICAS a dhéanamh roimh ré, nó arna iarraidh sin go sonrach ag contrapháirtí nuair a chuirtear sócmhainn faoi bhráid an BCN trí úsáid a bhaint as F-ICAS nó as S-ICAS ("BCN an F-ICAS nó an S-ICAS").';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Maidir le mír 2, nuair a dhéantar sócmhainn a thíolacadh don BCN F-ICAS nó S-ICAS a ndéanfar incháilitheacht féichiúnaí nó ráthóra a mheas ina leith, cuireann an BCN F-ICAS nó S-ICAS an contrapháirtí ar an eolas maidir lena stádas incháilitheachta nó faoin aga tionscanta is gá chun measúnú creidmheasa a bhunú. Má tá raon feidhme teoranta ag F-ICAS nó ag S-ICAS agus mura ndéanann sé measúnú ach ar chineálacha sonracha féichiúnaithe nó ráthóirí, nó mura bhfuil an BCN F-ICAS nó S-ICAS ábalta an fhaisnéis agus na sonraí is gá dá mheasúnú creidmheasa a fháil, cuirfidh an BCN F-ICAS nó S-ICAS an contrapháirtí ar an eolas faoi sin gan mhoill. Sa dá chás, meastar go bhfuil an féichiúnaí nó an ráthóir ábhartha neamh-incháilithe, mura gcomhlíonann na sócmhainní ceanglais cáilíochta creidmheasa i gcomhréir le foinse mhalartach measúnaithe creidmheasa nó le córas malartach measúnaithe creidmheasa a cheadaítear don chontrapháirtí a úsáid de réir Airteagal 110. Sa chás go mbeidh sócmhainní slógtha neamh-incháilithe mar gheall ar mheath ar fhiúntas creidmheasa an fhéichiúnaí nó an ráthóra, díothófar an tsócmhainn an dáta is luaithe is féidir. Ós rud é nach bhfuil caidreamh conarthach idir na corparáidí neamhairgeadais agus an BCN F-ICAS nó S-ICAS, ná aon oibleagáid dhlíthiúil ar na corparáidí sin faisnéis neamhphoiblí a sholáthar don BCN F-ICAS nó S-ICAS, soláthraítear an fhaisnéis ar bhonn deonach.';

(e) scriostar mír 4;

(25) leasaítear Airteagal 128(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) caolchorrlaigh luachála mar a leagtar síos i dTreoirlíne (AE) 2016/65 (BCE/2015/35);';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) corrlaigh athrúcháin (marcáil ón margadh):

éilíonn an tEurochóras go gcoinneofar le himeacht ama margadhluach na sócmhainní incháilithe a úsáidtear ina idirbhearta droim ar ais soláthair leachtachta, arna gcoigeartú le caolchorrlaigh agus, de réir mar is infheidhme, le fachtóirí aeráide. Má thiteann luach na sócmhainní incháilithe, a thomhaistear ar bhonn laethúil, faoi bhun leibhéal áirithe (tearc-chomhthaobhacht), ceanglóidh an BCN baile ar an gcontrapháirtí sócmhainní breise nó airgead tirim a sholáthar trí bhíthin glao ar éarlais i gcomhréir le hAirteagal 136. Ar an gcaoi chéanna, má sháraíonn luach na sócmhainní incháilithe leibhéal áirithe tar éis a n-athluachála, tabharfaidh an BCN an t-airgead tirim breise ar ais.';

(c) cuirtear isteach an pointe (e) seo a leanas:

'(e) ón 15 Meitheamh 2026, fachtóir aeráide mar a leagtar síos in Iarscríbhinn XIIb;'

(26) in Airteagal 136, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Más rud é, tar éis luachála, tar éis caolchorrlach agus, de réir mar is infheidhme, tar éis fachtóirí aeráide, nach bhfuil na sócmhainní slógtha ag teacht leis na ceanglais arna ríomh an lá sin, déanfar glaonna ar éarlais i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 11 de Threoirlíne (AE) 2024/3129 (BCE/2024/22). Más mó luach na sócmhainní incháilithe arna slógadh mar chomhthaobhacht ag contrapháirtí, tar éis a n-athluachála, ná an méid atá dlite ag an gcontrapháirtí móide, i gcás inarb ábhartha, an corrlach athrúcháin, tabharfaidh BCN ar ais aon airgead tirim breise a chuir an contrapháirtí ar fáil le haghaidh glao ar éarlais.';

(27) in Airteagal 138(3), scriostar pointe (c);

(28) in Airteagal 141, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ní thíolacfaidh contrapháirtí ná ní úsáidfidh sé mar chomhthaobhacht ionstraimí fiachais neamhurraithe arna n-eisiúint ag institiúid creidmheasa nó ag aon eintiteas eile a bhfuil dlúthnaisc ag an institiúid creidmheasa sin leis, a oiread agus gur mó luach na comhthaobhachta sin arna heisiúint ag an institiúid creidmheasa sin nó ag an eintiteas eile sin a bhfuil dlúthnaisc aici leis, i gceann a chéile, ná 2,5 % de luach iomlán na sócmhainní arna n-úsáid mar chomhthaobhacht ag an gcontrapháirtí sin tar éis an caolchorrlach is infheidhme agus, de réir mar is infheidhme, an fachtóir aeráide a thabhairt san áireamh. Ní bheidh feidhm ag an tairseach sin sna cásanna seo a leanas:

(a) mura mó luach na sócmhainní sin ná EUR 50 milliún tar éis aon chaolchorrlach is infheidhme agus, de réir mar is infheidhme, tar éis aon fhachtóir aeráide;

(b) má tá na sócmhainní sin á ráthú ag eintiteas earnála poiblí a bhfuil sé de cheart aige cánacha a thobhach trí bhíthin ráthaíocht lena gcomhlíontar na gnéithe a leagtar síos in Airteagal 114; nó

(c) más gníomhaireacht, banc forbartha iltaobhach nó eagraíocht idirnáisiúnta a eisíonn na sócmhainní sin.’;

(29) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Chuid a Cúig:
‘SMACHTBHANNAÍ AS NEAMHCHOMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ CONTRAPHÁIRTÍ’;

(30) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 155:

‘*Airteagal 155*

Pionóis airgeadais as neamhchomhlíontacht le rialacha oibríochtúla áirithe

1. Má mhainníonn contrapháirtí oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1) a chomhlíonadh, forchuirfidh an tEurochóras pionós airgeadais i leith gach ócáide neamhchomhlíontachta. Chun críocha Chuid a Cúig, is cás neamhchomhlíontachta é gach cás ina slógtar sócmhainn aonair mar chomhthaobhacht agus a ndéanann ócáid neamhchomhlíontachta difear di. Is éard a bheidh sa phionós airgeadais is infheidhme:

(a) méid socraithe EUR 500 i leith gach ócáide neamhchomhlíontachta a dtugann an BCN fógra faoi don chontrapháirtí, gan beann ar líon na sócmhainní a shlógtar mar chomhthaobhacht agus a ndéanann an ócáid neamhchomhlíontachta difear dóibh;

(b) méid athraitheach i ndáil le gach sócmhainn a shlógtar mar chomhthaobhacht agus a ndéanann an neamhchomhlíontacht difear di, arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, Roinn I.

2. Déanfar laghdú 50 % ar an bpionós airgeadais iomlán is infheidhme arna ríomh i gcomhréir le mír 1 agus le hIarscríbhinn VII in aon cheann de na cásanna neamhchomhlíontachta féintuairiscithe seo a leanas:

(a) i gcás ina gceartaíonn contrapháirtí mainneachtain oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (c) a chomhlíonadh, agus ina dtugann sé fógra don BCN faoin gceartúchán sin sula dtugann an BCN, BCE nó iniúchóir seachtrach fógra don chontrapháirtí faoin neamhchomhlíontacht;

(b) i gcás ina dtugann contrapháirtí fógra don BCN faoi neamhchomhlíontacht (i) nár aimsigh an BCN ná BCE, agus (ii) a tharla i leith sócmhainní a díshlógadh. Ní bheidh laghdú an phionóis airgeadais infheidhme ar shócmhainní a thagann faoi raon feidhme nós imeachta fíoraithe atá fós ar siúl agus a bhfuil an contrapháirtí ar an eolas faoi de bharr fógra ón BCN, ó BCE nó ó iniúchóir seachtrach.’;

(31) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 156:

‘*Airteagal 156*

Pionóis neamhairgeadais as neamhchomhlíontacht le rialacha oibríochta áirithe

1. I gcás nach gcomhlíonann contrapháirtí oibleagáid den chineál céanna dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (a) nó pointe (b), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh an tEurochóras an contrapháirtí a chur ar fionraí an tríú hócáid neamhchomhlíontachta agus aon ócáid neamhchomhlíontachta den sórt sin ina dhiaidh sin a tharlaíonn laistigh de thréimhse 12 mhí, má chomhlíontar coinníollacha (i) agus (ii) araon i ndáil le gach ócáid neamhchomhlíontachta díobh sin:

(i) forchuireadh pionós airgeadais;

(ii) cuireadh gach cinneadh pionós airgeadais a fhorchur in iúl don chontrapháirtí;

(b) déanfar an tréimhse 12 mhí dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh ón dáta a dtabharfar fógra faoin gcéad ócáid neamhchomhlíontachta le hoibleagáid den chineál céanna dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (a) nó pointe (b), de réir mar is infheidhme. Ní áireofar mar ócáid neamhchomhlíontachta an chéad ócáid fhéintuairiscithe neamhchomhlíontachta mar a thuairiscítear in Airteagal 155(2) a tharlaíonn laistigh den tréimhse ábhartha 12 mhí.

2. Aon fhionraí a fhorchuirfidh an tEurochóras faoi mhír 1, beidh feidhm aige maidir le haon oibríocht margaidh oscailte ina dhiaidh sin ar den chineál céanna í agus an oibríocht margaidh oscailte a raibh forchur pionóis airgeadais dá dtagraítear i mír 1 mar thoradh uirthi.

3. Cinnfear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII an tréimhse fionraíochta a fhorchuirfear i gcomhréir le mír 1.

4. I gcás nach gcomhlíonann contrapháirtí oibleagáid den chineál céanna dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (c), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh an tEurochóras an contrapháirtí a chur ar fionraí an tríú hócáid neamhchomhlíontachta agus aon ócáid neamhchomhlíontachta den sórt sin ina dhiaidh sin a tharlaíonn laistigh de thréimhse 12 mhí, má chomhlíontar coinníollacha (i) agus (ii) araon i ndáil le gach ócáid neamhchomhlíontachta díobh sin:

(i) forchuireadh pionós airgeadais;

(ii) cuireadh gach cinneadh pionós airgeadais a fhorchur in iúl don chontrapháirtí;

(b) déanfar an tréimhse 12 mhí dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh ón dáta a dtabharfar fógra faoin gcéad ócáid neamhchomhlíontachta oibleagáide den chineál céanna dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (c). Ní áireofar mar ócáid neamhchomhlíontachta an chéad ócáid fhéintuairiscithe neamhchomhlíontachta mar a thuairiscítear in Airteagal 155(2) a tharlaíonn laistigh den tréimhse ábhartha 12 mhí.

(c) aon fhionraí a fhorchuirfear de bhun phointe (a), beidh feidhm aici maidir leis an gcéad oibríocht margaidh oscailte soláthair leachtachta laistigh den tréimhse cothabhála cúlchiste tar éis fógra a thabhairt faoin bhfionraí.

5. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an tEurochóras contrapháirtí a chur ar fionraí ar feadh tréimhse trí mhí i ndáil le gach oibríocht beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais amach anseo i gcás aon ócáid neamhchomhlíontachta le hAirteagal 154(1). I gcás den sórt sin, tabharfaidh an Eurochóras aird ar thromchúis an cháis agus, go háirithe, ar na méideanna atá i gceist agus ar mhinicíocht agus fad ama na neamhchomhlíontachta.';

(32) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 157:

'*Airteagal 157*

Pionóis neamhairgeadais a chur i bhfeidhm ar bhrainsí as neamhchomhlíontacht le rialacha oibríochtúla áirithe

I gcás ina gcuireann an tEurochóras contrapháirtí ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 156(5), féadfar an fhionraí sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le brainsí den chontrapháirtí sin atá bunaithe i mBallstáit eile a bhfuil an euro mar airgeadra acu.';

(33) Leasaítear Airteagal 158 mar a leanas:

(a) i mír 2, an ceathrú habairt, cuirtear 'aon' in ionad 'ceachtar'

(b) i mír 2, cuirtear an pointe (-a) seo a leanas isteach:

'(-a) níl cosúlacht ar bith air go gcomhlíonfaidh an contrapháirtí na ceanglais cistí dílse ábhartha arís go tráthúil;';

(c) cuirtear an fhomhír seo a leanas le mír 3:

'I gcás moill ar an bhfaisnéis ábhartha a sholáthar le haghaidh tréimhse thagartha shonrach a eascraíonn as teagmhais nach bhfuil neart ag an gcontrapháirtí orthu, cuirfear síneadh leis na sprioc-amanna ag deireadh na ráithe tuairiscithe ábhartha i ndáil leis an ráithe shonrach mar a leanas:

(a) síneadh ocht seachtaine i gcás contrapháirtithe a chomhlíonann na critéir incháilitheachta faoi Airteagal 55, pointe (b)(i) nó (ii); nó

(b) síneadh dhá sheachtain i gcás contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 55, pointe (b)(iii).';

(d) cuirtear na míreanna 4a agus 4b seo a leanas isteach:

'4a. I gcás contrapháirtithe dá dtagraítear i mír 4, cuirfidh an tEurochóras deireadh leis an teorannú ar rochtain ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais lena ngabhann aibíocht chaighdeánach seachtaine nó níos giorra, lena n-áirítear i gcásanna ina bhforáiltear d'aibíocht arna fadú go heisceachtúil leis an bhféilire táscach do na hoibríochtaí sin. Gabhfaidh éifeacht le deireadh an teorannaithe an lá gnó tar éis scéim réitigh nó gníomhaíocht réitigh a ghlacadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) chuir an t-údarás réitigh an tEurochóras ar an eolas faoin réiteach atá ar na bacáin tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig roimh an lá gnó a mheastar a gcuirfear deireadh leis an teorannú ar rochtain;

(b) dhearbhaigh an t-údarás réitigh an méid seo a leanas i scríbhinn:

(i) gur glacadh an scéim réitigh de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 nó an ghníomhaíocht réitigh de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 32 de Threoir 2014/59/AE chun feidhme;

(ii) gur bhfuil an scéim réitigh nó an ghníomhaíocht réitigh tar éis teacht i bhfeidhm, i gcás inarb infheidhme de bhun Airteagal 18(7) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014;

(c) ní dhéantar foráil sa scéim réitigh ná sa ghníomhaíocht réitigh maidir le cur chun feidhme na huirlise droicheadbhainc de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 nó reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 40 de Threoir 2014/59/AE chun feidhme a mhéid a bhaineann leis an gcontrapháirtí teoranta;

(d) dhearbhaigh an t-údarás inniúil i scríbhinn, tar éis ghlacadh na scéime réitigh nó na gníomhaíochta réitigh, go gcomhlíonann an contrapháirtí dá dtagraítear i mír 4 na ceanglais cistí dílse a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn aonair agus/nó ar bhonn comhdhlúite, agus glacadh agus teacht i bhfeidhm na scéime réitigh nó na gníomhaíochta réitigh á gcur san áireamh.

I gcás ina gcuireann an t-údarás inniúil nó an t-údarás réitigh moill ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d), féadfar moill dá réir a chur ar theacht in éifeacht dheireadh an teorannaithe.

Féadfaidh an tEurochóras deireadh a chur leis an teorannú ina iomláine i gcás ina dtugann an t-údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 55a(1) agus ar choinníoll go bhfuil an contrapháirtí fónta ó thaobh airgeadais de de bhun Airteagal 55, pointe (c).

I gcás nach dtugann an t-údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 55a(1) laistigh de 12 sheachtain tar éis ghlacadh na scéime réitigh nó na gníomhaíochta réitigh, déanfaidh an tEurochóras rochtain an chontrapháirtí ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a theorannú ar fhorais stuamachta.

4b. Gan dochar do chur i bhfeidhm beart rialaithe riosca de bhun Airteagal 128(2), féadfaidh an tEurochóras aon cheann de na bearta maolaithe riosca a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (80a), a chur i bhfeidhm maidir le contrapháirtí dá dtagraítear i mír 4 tar éis deireadh a chur leis an teorannú dá dtagraítear i mír 4a.';

(e) cuirtear isteach an mhír 7a seo a leanas:

'7a. Maidir le bearta lánroghnacha a fhéadfaidh an tEurochóras a dhéanamh ar fhorais stuamachta dá dtagraítear in Airteagal 158(1), féadfar na bearta sin a bhunú ar aon fhaisnéis ar cúis mhór imní í maidir le fóntacht airgeadais an chontrapháirtí.';

(34) leasaítear Iarscríbhinní II, VII agus VIII i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoirlíne seo;

(35) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoirlíne seo a chur isteach mar Iarscríbhinn XIIb nua.

Airteagal 2

Teacht in éifeacht agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo in éifeacht seo an lá a dtabharfar fógra faoi do na BCNanna.

2. Glacfaidh BCNanna na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 30 Márta 2026. Tabharfaidh siad fógra faoi na téacsanna agus faoi na meáin a bhaineann leis na bearta sin do BCE faoin 4 Márta 2026 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo chuig bainc cheannais uile an Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 22 Eanáir 2026.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní II, VII agus VIII a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach an pointe (v) seo a leanas:

'(v) cé acu atá nó nach bhfuil an tairiscint á seoladh maille le leithroinnt iomlán, más infheidhme'.;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn VII:

'IARSCRÍBHINN VII

RÍOMH NA SMACHTBHANNAÍ ATÁ LE FORCHUR I gCOMHRÉIR LE CUID A CÚIG AGUS RÍOMH NA bPIONÓS AIRGEADAIS ATÁ LE FORCHUR I gCOMHRÉIR LE CUID A SEACHT

I. RÍOMH NA bPIONÓS AIRGEADAIS ATÁ LE FORCHUR I gCOMHRÉIR LE CUID A CÚIG

1. I gcás ina bhfuil pionós airgeadais le forchur ag banc ceannais náisiúnta (BCN) ar aon cheann dá chontrapháirtithe i gcomhréir le Cuid a Cúig, ríomhann an BCN méid athraitheach an phionóis i gcomhréir le ráta pionóis réamhshonraithe, mar seo a leanas.

(a) Má mhainnítear oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (a), pointe (b), nó pointe (c) a chomhlíonadh, déantar méid athraitheach pionóis airgeadais a ríomh trí úsáid a bhaint as an ráta iasachta imeallach a bhí i bhfeidhm an lá ar thosaigh an neamhchomhlíontacht móide 2,5 pointe céatadáin.

(b) Má mhainnítear oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (d), nó pointe (e) a chomhlíonadh, déantar méid athraitheach pionóis airgeadais a ríomh trí úsáid a bhaint as an ráta iasachta imeallach a bhí i bhfeidhm an lá ar thosaigh an neamhchomhlíontacht móide 5 phointe céatadáin. Má mhainnítear arís agus arís eile an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (d), nó an oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (e), a chomhlíonadh laistigh de thréimhse 12 mhí, dar tús an lá ar mainníodh den chéad uair an oibleagáid a chomhlíonadh, méadaítear an ráta pionóis faoi 2,5 pointe céatadáin eile in aghaidh gach ócáide neamhchomhlíontachta.

2. Má mhainnítear oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (a), nó pointe (b) a chomhlíonadh, déantar méid athraitheach pionóis airgeadais a ríomh tríd an ráta pionóis, arna chinneadh i gcomhréir le mír 1, pointe (a), a chur i bhfeidhm maidir le méid na comhthaobhachta nó an airgid thirim nárbh fhéidir leis an gcontrapháirtí a sheachadadh ná a shocrú, arna iolrú faoin gcomhéifeacht X/360, i gcás inarb é X líon na laethanta féilire, agus uasmhéid seacht lá ann, nach raibh an contrapháirtí in ann comhthaobhú ná socrú a dhéanamh lena linn: (a) an méid cionroinnte mar a shonraítear i ndeimhniú na dtorthaí cionroinnte tairisceana aonair le linn aibíocht oibríochta; nó (b) an méid atá fanta d'oibríocht áirithe má chuireann an BCN luathfhoirceantaí i gcrích in imeacht na tréimhse atá fanta de théarma na hoibríochta.

3. Má mhainnítear oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (c), a chomhlíonadh, déantar méid athraitheach pionóis airgeadais a ríomh i leith gach sócmhainne dá ndéantar difear tríd an ráta pionóis, arna chinneadh i gcomhréir le mír 1, pointe (a), a chur i bhfeidhm maidir le luach — tar éis caolchorrlaigh agus, de réir mar is infheidhme, an fachtóir aeráide a thabhairt san áireamh — na sócmhainne neamh-incháilithe nó na sócmhainne nach bhféadfaidh an contrapháirtí a shlógadh ná a úsáid, mar a leanas:

(a) i gcás sócmhainn neamh-incháilithe arna soláthar ag an gcontrapháirtí do BCN, luach na sócmhainne neamh-incháilithe tar éis caolchorrlaigh agus, de réir mar is infheidhme, an fachtóir aeráide a thabhairt san áireamh; nó

(b) i gcás sócmhainn indíolta a bhí incháilithe ar dtús ach a tháinig chun bheith neamh-incháilithe nó nach bhféadfaidh an contrapháirtí í a shlógadh ná a úsáid a thuilleadh, luach — tar éis caolchorrlach agus, de réir mar is infheidhme, an fachtóir aeráide a thabhairt san áireamh — na sócmhainne nár díothaíodh faoi thús an ochtú lá féilire, tar éis teagmhas arb ina dhiaidh a tháinig na sócmhainní incháilithe chun bheith neamh-incháilithe nó nach bhféadfaidh an contrapháirtí iad a shlógadh ná a úsáid a thuilleadh.

4. Déantar na méideanna dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), agus pointe (b), a iolrú faoin gcomhéifeacht X/360, i gcás inarb é X líon na laethanta féilire, agus uasmhéid seacht lá ann, ar lena linn nár chomhlíon an contrapháirtí a oibleagáidí i leith úsáid sócmhainní arna dtíolacadh mar chomhthaobhacht le haghaidh oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais. I gcás mhír 3, pointe (b), cuirtear tús le ríomh X tar éis don tréimhse chairde seacht lá féilire dul in éag.

*[EUR [luach na sócmhainní neamh-incháilithe tar éis caolchorrlaigh (agus, de réir mar is infheidhme, an fachtóir aeráide a thabhairt san áireamh) an chéad lá den neamhchomhlíontacht] * (an ráta iasachta imeallach is infheidhme an lá ar thosaigh an neamhchomhlíontacht + 2,5 %) * [X]/360 = EUR […]]*

5. Má mhainnítear Airteagal 154(1), pointe (c), a chomhlíonadh, de bharr shárú na tairsí le haghaidh tíolacadh nó úsáid ionstraimí fiachais neamhurraithe arna n-eisiúint ag institiúid creidmheasa nó ag na heintitis dá cuid a bhfuil dlúthbhaint acu léi mar a leagtar síos in Airteagal 141 (dá ngairtear "sárú teorann" anseo feasta), cinnfear cur i bhfeidhm tréimhse cairde mar a leanas:

   (a) Tá feidhm ag tréimhse chairde seacht lá féilire más rud é gur tharla an sárú teorann de bharr athrú ar an luacháil tar éis caolchorrlaigh agus, de réir mar is infheidhme, an fachtóir aeráide a thabhairt sann áireamh, gan ionstraimí fiachais neamhurraithe breise den sórt sin a thíolacadh agus gan sócmhainní (lena n-áirítear sócmhainní aibithe) a bhaint den chomhthiomsú comhthaobhachta iomlán, ar bhonn an mhéid seo a leanas:

      (i) tá méadú tagtha ar luach na n-ionstraimí fiachais neamhurraithe sin a tíolacadh cheana; nó

      (ii) tá laghdú tagtha ar luach iomlán an chomhthiomsaithe comhthaobhachta.

      I gcásanna den sórt sin, ceanglaítear ar an gcontrapháirtí luach a chomhthiomsaithe comhthaobhachta iomláin agus/nó luach na n-ionstraimí fiachais neamhurraithe sin a choigeartú laistigh den tréimhse chairde, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an teorainn is infheidhme.

   (b) Má thíolactar ionstraimí fiachais neamhurraithe breise arna n-eisiúint ag institiúid creidmheasa nó ag na heintitis dá cuid a bhfuil dlúthnasc acu léi agus arb ionstraimí fiachais iad lena sáraítear an teorainn is infheidhme, ní fhágann sé sin go bhfuil an contrapháirtí i dteideal tréimhse chairde.

6. Má sholáthair an contrapháirtí faisnéis lena ndéantar difear diúltach do luach a chomhthaobhachta ó thaobh an Eurochórais de i ndáil le hAirteagal 145(4), e.g. faisnéis mhícheart maidir le méid gan íoc de chuid éilimh creidmheasa úsáidte atá nó a bhí bréagach nó as dáta, nó má mhainníonn an contrapháirtí faisnéis a sholáthar ar bhonn tráthúil mar a cheanglaítear faoi Airteagal 101, pointe (a)(iv), cuirfear méid (luach) na comhthaobhachta a ndearnadh difear diúltach di san áireamh chun an pionós airgeadais faoi mhír 3 a ríomh agus ní bheidh aon tréimhse chairde infheidhme. Má cheartaítear an fhaisnéis mhícheart laistigh den tréimhse fógra is infheidhme, e.g. maidir le héilimh chreidmheasa, le linn an chéad lae gnó eile de bhun Airteagal 109(2), níl aon phionós le forchur.

7. Má mhainnítear na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 154(1), pointe (d), nó pointe (e) a chomhlíonadh, déantar méid athraitheach pionóis airgeadais a ríomh tríd an ráta pionóis, arna chinneadh i gcomhréir le mír 1, pointe (b), a chur i bhfeidhm maidir le méid rochtain neamhúdaraithe an chontrapháirtí ar an tsaoráid iasachta imeallach nó ar chreidmheas neamhíoctha ón Eurochóras.

II. RÍOMH NA bPIONÓS NEAMHAIRGEADAIS ATÁ LE FORCHUR I gCOMHRÉIR LE CUID A CÚIG

Fionraí as neamhchomhlíontacht leis na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 154(1)(a), nó pointe (b)

9. I gcás ina bhfuil feidhm ag tréimhse fionraí i gcomhréir le hAirteagal 156(1), forchuirfidh BCN an fhionraí i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

   (a) má tá méid na comhthaobhachta neamhsheachadta nó an airgid neamhsheachadta suas le 40 % den chomhthaobhacht iomlán nó den airgead iomlán atá le seachadadh, beidh feidhm ag fionraí míosa;

   b) má tá méid na comhthaobhachta neamhsheachadta nó an airgid neamhsheachadta idir 40 % agus 80 % den chomhthaobhacht iomlán nó den airgead iomlán atá le seachadadh, beidh feidhm ag fionraí dhá mhí;

   (c) má tá méid na comhthaobhachta neamhsheachadta nó an airgid neamhsheachadta idir 80 % agus 100 % den chomhthaobhacht iomlán nó den airgead iomlán atá le seachadadh, beidh feidhm ag fionraí trí mhí.

III. RÍOMH NA bPIONÓS AIRGEADAIS ATÁ LE FORCHUR I gCOMHRÉIR LE CUID A SEACHT

1. Ríomhann BCNanna an pionós airgeadais atá le forchur de bhun Airteagal 166(4a) i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

   (a) Má mhainnítear oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 166(4a) a chomhlíonadh, ríomhtar an pionós airgeadais trí úsáid a bhaint as an ráta iasachta imeallach a bhí i bhfeidhm an lá ar thosaigh an neamhchomhlíonadh móide 2,5 phointe céatadáin.

(b) Ríomhtar an pionós airgeadais tríd an ráta pionóis, arna chinneadh i gcomhréir le mír (a), a chur i bhfeidhm ar mhéid an airgid thirim nárbh fhéidir leis an gcontrapháirtí a aisíoc ná a íoc, nó ar luach na sócmhainní nár seachadadh, arna iolrú faoin gcomhéifeacht X/360, i gcás inarb é X líon na laethanta féilire, agus uasmhéid seacht lá ann, nach raibh an contrapháirtí in ann an méid seo a leanas a dhéanamh lena linn: (i) aon mhéid den chreidmheas a aisíoc, an praghas athcheannaigh nó an t-airgead a bhí dlite ar shlí eile a íoc; nó (ii) na sócmhainní a sheachadadh tráth a n-aibíochta nó nuair a bhí siad dlite ar shlí eile de réir na socruithe conarthacha nó rialála.

2. Úsáidtear an fhoirmle seo a leanas chun an pionós airgeadais a ríomh i gcomhréir le mír 1, pointe (a), agus pointe (b):

*[EUR [an méid airgid nárbh fhéidir leis an gcontrapháirtí a aisíoc ná a íoc, nó luach na sócmhainní nárbh fhéidir leis an gcontrapháirtí a sheachadadh] * (an ráta iasachta imeallach is infheidhme an lá ar thosaigh an neamhchomhlíonadh móide 2,5 pointe céatadáin) * [X]/360 (i gcás inarb é X líon na laethanta féilire nár íoc, nár aisíoc nó nár sheachaid an contrapháirtí) = EUR […]].'*

3. Scriostar Iarscríbhinn VIII.

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear isteach an Iarscríbhinn XIIb nua seo a leanas:

'IARSCRÍBHINN XIIB

CINNEADH NA BHFACHTÓIRÍ AERÁIDE IS INFHEIDHME MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ INDÍOLTA CHUN ÉIGINNTEACHTAÍ A BHAINEANN LEIS AN AISTRIÚ AERÁIDE A MHAOLÚ

1. Tá feidhm ag an bhfachtóir aeráide dá dtagraítear in Airteagal 128(1), pointe (e), den Treoirlíne seo maidir le hionstraimí fiachais indíolta arna n-eisiúint ag corparáidí neamhairgeadais agus ag a ngrúpaí eisitheoirí corparáideacha faoi seach, cé is moite díobh seo a leanas:

   (a) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag gníomhaireachtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 2;

   (b) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag eintitis foirceanta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (99a);

   (c) ionstraimí fiachais a bhfuil an measúnú cáilíochta creidmheasa lena n-aghaidh bunaithe ar Airteagal 87(2), pointí (a) agus (b); agus

   (d) ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa laistigh den ghrúpa eisitheoirí corparáideacha.

2. I gcás gach sócmhainne *i*, de chorparáid *j* in earnáil *s*, déantar scór lena ndéantar measúnú ar a híogaireacht i leith neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an aistriú aeráide (an "scór neamhchinnteachta") a ríomh trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$u_{i,j,s} = V_i \times E_j \times S_s$$

   maille leis na hathróga seo a leanas:

   (a) strusaire earnáilsonrach S_s a dhíorthaítear ón méadú comhiomlánaithe ar leibhéal na hearnála ar an easnamh ionchasach i gcás hipitéiseach díobhálach aistrithe i gcoibhneas le cás hipitéiseach bunlíne de chuid na tástála struis aeráide Eurochórais is deireanaí atá ar fáil. Tá an mhéadracht chéanna sin i bhfeidhm le haghaidh na sócmhainní uile arna n-eisiúint ag eintitis laistigh d'earnáil shonrach;

   (b) neamhchosaint eisitheoirshonrach E_j bunaithe ar inbhéartach an "scóir aeráide" faoi Chlár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí mar a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2016/948 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/16) (*). Tá an mhéadracht chéanna sin i bhfeidhm le haghaidh na sócmhainní uile arna n-eisiúint ag an eintiteas céanna;

   (c) leochaileacht shócmhainnsonrach V_i atá cothrom le fréamh chearnach aibíocht iarmharach na sócmhainne. Is le gach sócmhainn, go sonrach, a bhaineann an mhéadracht sin.

3. Déantar an scór éiginnteachta in aghaidh na sócmhainne a thiontú ina "fhachtóir aeráide" (CF) in aghaidh na sócmhainne, trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$CF(u_{i,j,s}) = a + (1 - a)\frac{1}{e^{u_{i,j,s} \times b}}$$

   maille leis an dá pharaiméadar seo a leanas:

   (a) is í an Chomhairle Rialaithe a shocraíonn paraiméadar $\underline{a}$ agus tá sé bunaithe go háirithe ar an easnamh ionchasach arna chomhiomlánú i leith na n-earnálacha uile i gcás hipitéiseach aistrithe díobhálach i gcoibhneas le cás hipitéiseach bunlíne de chuid na tástála struis aeráide Eurochórais is deireanaí atá ar fáil;

   (b) is í an Chomhairle Rialaithe a shocraíonn paraiméadar $\underline{b}$ agus tá sé bunaithe go háirithe ar an scór airmheánach éiginnteachta $\overline{u}$ i leith na sócmhainní atá faoi réir an fhachtóra aeráide trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle logartamach nádúrtha seo:

$$b = \ln\left(1 + \frac{1}{\overline{u}}\right).$$

   (c) Is ionann paraiméadar *a* agus paraiméadar *b* i dtaca leis na sócmhainní uile atá faoi réir fachtóirí aeráide. Is é an fachtóir aeráide is airde is féidir ceann le haghaidh sócmhainní a bhfuil an scór éiginnteachta is ísle acu, agus tá an fachtóir aeráide is ísle is féidir comhionann le *a* le haghaidh sócmhainní a bhfuil an scór éiginnteachta is airde acu.

4. Déantar luach comhthaobhachta gach sócmhainne, nó méid an chreidmheasa is féidir a dheonú i leith na sócmhainne arna soláthar ag contrapháirtí, a ríomh trína luach, arna choigeartú chun caolchorrlaigh a thabhairt san áireamh, agus de réir mar is infheidhme, a iolrú faoin bhfachtóir aeráide comhfhreagrach.

5. Déanfar an scór éiginnteachta agus an fachtóir aeráide is infheidhme maidir le gach sócmhainn a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil. Sócmhainní a thagann chun bheith incháilithe idir dhá nuashonrú bhliantúla, sannfar fachtóir airmheánach aeráide dóibh ar dtús a ríomhfar trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$CF(u_{i,j,s}) = \begin{cases} \overline{CF}_b, \textit{ más banna í an tsócmhainn} \\ \overline{CF}_{mtn}, \textit{ más nóta meántéarmach í an tsócmhainn} \\ \overline{CF}_{cp}, \textit{ más páipéar tráchtála í an tsócmhainn} \end{cases},$$

i gcás inarb é $\overline{CF}_b$ an fachtóir airmheánach aeráide is déanaí i measc na mbannaí uile ar ríomhadh fachtóir aeráide ina leith tráth a ndearnadh an nuashonrú bliantúil deireanach, inarb é $\overline{u}_{mtn}$ an fachtóir airmheánach aeráide is déanaí i measc na nótaí meántéarmacha uile ar ríomhadh fachtóir aeráide ina leith tráth a ndearnadh an nuashonrú bliantúil deireanach, agus inarb é $\overline{u}_{cp}$ an fachtóir airmheánach aeráide is déanaí i measc na bpáipéar tráchtála uile ar ríomhadh fachtóir aeráide ina leith tráth a ndearnadh an nuashonrú bliantúil deireanach. Tá an fachtóir aeráide sin infheidhme go dtí an nuashonrú bliantúil ina dhiaidh sin ar na scóir éiginnteachta agus ar an bhfachtóir aeráide.

(*) Cinneadh (AE) 2016/948 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Meitheamh 2016 maidir le cur chun feidhme chlár ceannaigh na hearnála corparáidí (BCE/2016/16) (IO L 157,15.6.2016, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/948/oj).'.